

Post	<b>Feidhmeannach Forbartha Gnó (Bia Mhara) – AOF</b>
Conradh	<b>Conradh Tréimhse Éiginnte</b>
Grúpa Seirbhíse	<b>Forbairt &amp; Nuálaíocht</b>
Áit	<b>D'fhéadfadh an post a bheith lonnaithe in Ionad lascaigh Cuain na gCealla Beaga, Co. Dhún na nGall, Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath nó inár n-oifig sna Duganna Nua, Gaillimh.</b>

#### Tuairisc ar Ghrúpa Seirbhíse cúí:

Is comhlacht leathstáit neamhtráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht lascaigh Mhara, 1952). Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann atá freagracht as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

1. Inbhuanaitheacht
2. Scileanna
3. Nuálaíocht
4. Iomaíochas
5. Ceannaireacht

Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é BIM. Tá sé aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí um Fhorbairt Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha agus Cumarsáid Corparáideach. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail le cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, lena n-áirítear oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá Mol Nuálaíochta Bia Mara BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí, áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

#### Misean BIM

Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

#### Achoimre ar an Ról:

Is ról é post an Feidhmeannas Forbartha Gnó a bhaineann le labhairt le cliant é agus a thacóidh leis an earnáil an bhia mhara agus an fócas ar pheiligeach d'fhonn iomaíochas a neartú laistigh den phríomhfhócas tráchtarraí fad a dhéantar éagsúlú i dtreo deiseanna táirgí a mbaineann luach níos airde leo. Ar na príomhghnéithe beidh próisis tráchtarraí nua a chomhtháthú, síneadh a chur le séasúr na próiseála trí dheiseanna breisluacha faoi stiúir an mhargaidh, tuilleadh luacha a chur le hacmhainní bunaithe agus

tearcúsáidte agus tionscnaimh ghlasa agus inbhuanaitheachta a ghlacadh. Beidh an bhFeidhmeannas Forbartha Gnó i mbun idirchaidrimh le próiseálaithe agus iascairí chun na seirbhísí atá de dhíth a chur ar fáil agus chun tionscadail tacaíochta chuí a fhorbairt i gcomhar. Beidh sé de chumas ag an Feidhmeannach anailís a dhéanamh ar threochtaí agus ar léargais d'fhonn na deiseanna is fearr don earnáil a chinneadh agus a chur i bhfeidhm.

Cinntoidh an bhFeidhmeannas go mbeidh BIM ar an eolas faoi fhadhbanna nó thionscnaimh ar bith a thiocfaidh chun cinn in earnáil na hiascaireachta agus próiseála ionas gur féidir le BIM leanúint ar aghaidh le tacaíochtaí agus seirbhísí ábhartha a chur ar fáil don tionscal agus go gcuirfear riachtanais a gcliant san áireamh ina phlean oibre bliantúil. Beidh cur chun feidhme chlár BAR agus clár EMFAF ina dhiaidh sin i gceist leis an ról agus beidh tábhacht le tacaíocht earnála dírithe chun cuidiú le scéimeanna maoinithe a riar.

#### Cúlra leis an Riachtanas:

Is é BIM gníomhaireacht Stáit na hÉireann a bhfuil freagracht air as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le tionscal bia mara na hÉireann agus le pobail chun a chinntiú go mbaintear leas as acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach atá inbhuanaithe.

Is ionann gníomhaíocht dhírithe na hearnála peilígí san iarthuaisceart agus tiománaí geilleagair don réigiún, a chuireann fostaíocht dhíreach agus indíreach ar fáil trína shlabhra soláthair. Chomh maith leis sin, cuidíonn oibríochtaí ar scála níos lú le go leor pobal feadh chósta an Iarthair a chothú. Tá ag éirí le fócas na hearnála ar thráchtearraí, tá an laghdú ar infhaighteacht amhábharr de bharr an Bhreathimeachta agus de bharr chostais an tslabhra soláthair atá ag ardú, áfach, ag imirt tionchar ar fheidhmiúchán.

An príomhbhealach le pobail cois cósta atá sláintiúil agus bríomhar a chothú ná earnáil pheiligeach shláintiúil agus bhríomhar a bheith ann, atá inbhuanaithe go heacnamaíoch, go sóisialta agus ó thaobh na timpeallachta de. Tá ról tábhachtach ag BIM agus ag na foirne forbartha réigiúnaí ina leith seo agus an chabhair, an t-eolas, na tacaíochtaí airgid a chur ar fáil don earnáil lena mbíonn sí in ann a bheith ag iascaireacht ar bhealach atá inbhuanaithe, gnóthaí a bhfuil teacht aniar iontu a chruthú agus deiseanna nua a lorg agus a fhorbairt.

#### Príomhthascanna:

- Beidh i mbun dlúth-theagmháil le hiascairí agus le próiseálaithe peiligeacha chun iomaíochas a neartú agus chun luach a chruthú.
- Gníomhóidh mar idirghabhálaí comhordúcháin do sheirbhísí teicniúla, oiliúna, inbhuanaitheachta agus nuálaíochta BIM.
- Cumasóidh cruthú nasc feadh shlabhra an tsoláthair d'iascairí agus do phróiseálaithe chun loirg charbóin agus costais a laghdú agus chun bunáitíocht agus luach a fhorbairt.
- Glacfaidh freagracht ar thionscadail ainmnithe a bhainistiú lena mbuiséid ghaolmhara agus tuairisciú a dhéanamh go dtí go dtabharfar na tionscadail sin chun críche fad a dtabharfar tuairisc ar an dul chun cinn don bhainisteoir líne.
- Tacóidh leis an mbainisteoir líne trí anailís agus léirmhíniú tosaigh a dhéanamh ar shonraí agus léargais de réir mar is ábhartha dá réimse freagrachta.
- Aithneoidh treochtaí agus deiseanna atá ag teacht chun cinn don earnáil chun iad a fhorbairt, iad a dhéanamh nuálach agus iad a úsáid chun eolas a dhéanamh do thograí tionscadail agus do ghníomhaíochtaí agus do sheirbhísí BIM.

- Oibreoidh ar fud BIM agus ar fud gach gníomhaireacht stáit eile chun an oiread tacaíochta agus seirbhísí agus is féidir a chur ar fáil don earnáil agus chun iad a threisiú.
- Cuirfidh aon tionscnaimh atá faoi stiúir an Rialtais nó na hEorpa chun feidhme de réir mar is gá.
- Cuirfidh na seirbhísí BIM ábhartha chun cinn don earnáil.
- Comhlíonfaidh dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham.
- Cuirfidh léargais ar an talamh ar fáil don Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) agus cuideoidh leis an Roinn le saincheisteanna polasaithe a d'fhéadfadh a theacht chun cinn.

#### Struchtúr Tuairiscithe:

Bainisteoir: Bainisteoir Earnála - Cúrsaí Peiligeach  
Stiúrthóir: Stiúrthóir Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta

#### Teagmhálaithe:

##### Laistigh de BIM

- Bainisteoir Earnála - Cúrsaí Peiligeach
- An fhoireann uile in Aonad Gnó D&I
- Príomhbhaill foirne in STS BU agus in aonaid Gnó eile
- An Fhoireann Fáiltithe laistigh de BIM

##### Lasmuigh de BIM

- Úinéirí/scipéirí árthaí peiligeacha
- KFO
- ISWFPO
- IFPO
- IFPEA
- Próiseálaithe Peiligeacha
- Eagraíochtaí Táirgeoirí Iascaireachta
- An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM)
- Gníomhaireachtaí stáit eile, lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do Fiontraíocht Éireann, Bord Bia agus Foras na Mara

##### Oiliúint

- Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

Oideachas, Cáilíochtaí Gairmiúla nó Teicniúil, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí,  
Taithí agus Oiliúint

#### Riachtanach:

- Trí bliana ar a laghad ag obair san earnáil bia agus tuiscint chuimsitheach ar dhinimic na hearnála bia mara.
- Oideachas tríú leibhéal faighte i réimse ábhair ábhartha
- Bainistíocht tionscadail soiléire, scileanna eagrúcháin, riaracháin, idirphearsanta agus cumarsáide
- An cumas oibriú ó chian agus go neamhspleách
- An cumas caidrimh láidre inmheánacha agus seachtracha a chothú
- Dea-bhainistiú ama agus an cumas nithe a chur in ord tosaíochta agus spriocanna a bhaint amach.
- An cumas oibriú gan mhaoirsiú agus mar dhuine den fhoireann.
- Scileanna maithe cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal chomh maith le scileanna éifeachtacha uimhearthachta.
- Ceadúnas tiomána iomlán agus rochtain ar a f(h)eithicil féin

#### **Inmhianaithe:**

- Tuiscint mhór ar BIM agus ar earnáil bia mara na hÉireann
- Cáilíocht i mBainistíocht Tionscadail.

#### **Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:**

- Scileanna maithe i dtaobh féin-eagrúcháin agus tosaíochtaí a leagan amach, agus cumas tosaíochtaí iomadúla a bhainistiú.
- Taithí chruthaithe ar bheith ag obair le comhpháirtithe ilchineálacha chun fadhbanna a réiteach agus spriocanna coiteanna a bhaint amach.
- Ábalta a bheith ag obair go neamhspleách agus mar bhall foirne éifeachtach araon, a léiríonn treallús agus cruthaitheacht.
- Scileanna maithe idirphearsanta agus cumarsáide, ábalta idirghníomhú go héifeachtach le daoine i dtimpeallacht ildisciplíneach agus ilchultúir.

#### **Tuarastal:**

Ag grád Ardoifigh Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail atá ceadaithe ag an Roinn Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €50,848 - €64,038 (amhail an 1 Feabhra 2022) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe.

Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis mura bhfuil an t-iarratasóir fostaithe laistigh de na Seirbhísí Poiblí faoi láthair.

Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil poiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

#### **Saoire Bhliantúil:**

Is é 29 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

#### Fad an Chonartha:

Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí den chonradh.

#### An tSlí le hiarratas a dhéanamh

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus [Foirm Iarratais Folúntais BIM](#), ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie) nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, 12 Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

#### **Is é 5 p.m. an 31 Deireadh Fómhair 2022 an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais.**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig [jobs@bim.ie](mailto:jobs@bim.ie).

**Úsáid Sonraí** - Ní bhainfeadh úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críche an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasáí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

**Caithfeadh le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.**

*Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara*

